Pobalscoil Chorca Dhuibhne

6 Eanáir 2022

A chairde,

Athbhliain faoi mhaise daoibh agus tá súil agam go raibh sos deas agaibh i rith na Nollag.

Cé go bhfuilimid níos fearr as i mbliana ná mar a bhíomar an t-am seo anuraidh, is cúis imní dúinn go léir fós an COVID 19 agus go háirithe an t-athraitheach Omicron.

Ar mhaithe le sláinte gach aon duine caithfimid leanúint ar aghaidh leis na prótacail sábháilteachta go fóill, ag cinntiú go mbeidh sláinteachas maith láimhe, riospráide agus timpeallachta againn agus ag cloí i gcónaí le treoirlínte maidir le scaradh sóisialta.

Caithfear fós mascanna a chaitheamh. Beimid ag leanúint ar aghaidh leis na córais a bhí againn roimis na Nollag.

Moltar ceann a thógaint go cúramach gach maidin do shláinte do linbh/leanaí agus a chinntiú nach bhfuil aon cheann de comharthaí COVID 19 orthu.

Má chaitheann do leanbh/leanaí fanacht age baile de bharr Covid 19 nó má tá siad aitheanta mar dhlúth-theangmhálaí beidh obair le fáil ar *Google Classroom* nó tríd an ríomhphost dóibh.

D'éirigh ana-mhaith linn mar phobal scoile anuraidh. D'éirigh go maith linn mar go rabhamar ag comhoibriú agus ag cumarsáid go hoscailte le chéile.

D'fhonn an rath céanna a bheith orainn i mbliana agus gach éinne ar scoil agus sa phobal a choimeád sábháilte, leanfaimid ar aghaidh le spiorad an chomhoibrithe atá mar thréith ag Pobalscoil Chorca Dhuibhne.

Más gá do éinne teagmháil a dhéanamh leis an scoil maidir le aon rud ná bíodh leisce oraibh glaoch a chur orm nó ríomhphost a sheoladh chugam ag em@pcd07.ie.

Ar ábhar eile táimid ana shásta le *Yondr,* an córas fón póca go dtí seo i mbliana. Teastaíonn uainn tógaint ar an dul chun cinn atá déanta againn agus táimid ag súil go mbeidh an sparán ag na daltaí leo ar scoil cuma an fón póca a bheith acu nó gan a bheith. Is mór linn bhur dtacaíocht sa chúram seo.

Déanfaimid ár ndícheall gnáth shaol scoile a chur ar fáil do na daltaí agus go mbeidh an scolaíocht chomh taitneamhach agus tairbheach agus is féidir.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide

*January 6th 2022*

*A chairde,*

*Happy new year and I hope you had a nice break over Christmas.*

*While we are in a better position than we were this time last year, COVID 19 and in particular the Omicron variant is still a concern for us all, unfortunately. To keep everyone safe we will have to continue with the safety protocols for now, promoting good hand, respiratory and environmental hygiene as well as continuing to observe social distancing guidelines. Masks will still need to be worn. We will also be continuing with the systems we had in place in school before Christmas.*

*We advise to carefully check your son / daughter each morning to ensure that they don't have one or more of the symptoms associated with COVID 19.*

*If your son/daughter has to remain at home because of COVID 19 or if they are identified as a close contact work will be available to them via Google Classroom or through the school email from their teachers.*

*As a school community we did excellently last year. This was achieved through co-operation and transparent communication. To achieve the same levels of success and to keep in everyone safe in the school and the community we will continue with the spirit of collaboration that is a hallmark of Pobalscoil Chorca Dhuibhne.*

*If anyone needs to contact the school with regard to the reopening do not hesitate to call or email me at em@pcd07.ie.*

*On another subject we are very happy with how the mobile phone system Yondr is working so far this year. We will continue to build on this progress and we are asking that all students have their pouches at school every day, regardless of whether they have their phone with them or not. We greatly appreciate your support with this.*

*We will continue to do our very best to ensure that school is as normal and enjoyable as possible for all the students*.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide